C/2025/6256

19.11.2025

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11992 — MEF / RETELIT / TELECOM ITALIA SPARKLE)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2025/6256)

1. An 10 Samhain 2025, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Ministero dell'Economia e delle Finanze ('MEF'), an Iodáil,

— Retelit S.p.A. ('Retelit'), an Iodáil, atá faoi rialú deiridh Asterion Industrial Partners, an Spáinn,

— Telecom Italia Sparkle S.p.A. ('Sparkle'), an Iodáil.

Gheobhaidh MEF agus Retelit rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar Sparkle, atá faoi rialú TIM S.p.A, an Iodáil faoi láthair.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is comhlacht rialtais de chuid na hIodáile é MEF atá freagrach as airgeadas poiblí, cánachas agus scairshealbha stáit i gcuideachtaí straitéiseacha,

— Is soláthraí seirbhíse teileachumarsáide de chuid na hIodáile é Retelit a thairgeann nascacht snáithín, tithíocht, agus réitigh néalríomhaireachta, lena n-áirítear lárionad sonraí idirnaisc,

— Is cuideachta teileachumarsáide idirnáisiúnta é Sparkle a sholáthraíonn seirbhísí gutha, sonraí, maoine intleachtúla, néalríomhaireachta agus lárionaid sonraí d'oibreoirí miondíola, d'oibreoirí mórdhíola agus do chuideachtaí ilnáisiúnta.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11992 — MEF / RETELIT / TELECOM ITALIA SPARKLE

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË